C/2024/6961

18.11.2024

Achoimre ar Chinneadh ón gCoimisiún

an 19 Deireadh Fómhair 2023

a bhaineann le himeacht faoi Airteagal 101 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus faoi Airteagal 53 de Chomhaontú LEE

(Cás AT.40636 – SNBB)

(ar tugadh fógra ina leith faoi uimhir dhoiciméid C(2023)6863)

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/6961)

An 19 Deireadh Fómhair 2023, ghlac an Coimisiún Cinneadh a bhaineann le himeacht faoi Airteagal 101 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus faoi Airteagal 53 de Chomhaontú LEE. I gcomhréir le forálacha Airteagal 30 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ([1]) *ón gComhairle, tá an Coimisiún ag foilsiú, leis seo, ainmneacha na bpáirtithe agus phríomhábhar an chinnidh, lena n-áirítear aon phionós a fhorchuirtear, ag féachaint do leas dlisteanach na ngnóthas i leith a rúin ghnó a chosaint.*

1. **RÉAMHRÁ**

(1) Baineann an Cinneadh seo le sárú aonair leanúnach ar Airteagal 101(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus faoi Airteagal 53(1) de Chomhaontú LEE. Is éard a bhí sa sárú teagmhálacha déthaobhacha agus iltaobhacha maidir le praghsanna díola agus leithdháileadh cuótaí ar an margadh trádála domhanda le haghaidh N-búitiolbróimíd scópalaimín ('SNBB') ([2]), lena n-áirítear an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('LEE').

(2) Is Comhábhar Gníomhach Cógaisíochta é SNBB agus is ábhar ionchuir tábhachtach é chun an táirge íocshláinte Buscopan agus a leaganacha cineálacha a tháirgeadh. Is cógais iad seo a úsáidtear i gcóireáil tinnis taistil, crampaí boilg, agus masmas agus urlacan iarobráide.. Is minic a bhaintear SNBB as duilleoga chrainn Duboisia, ar foinse nádúrtha SNBB iad.

(3) Is chuig na heintitis dhlíthiúla a leanas (dá ngairtear na'Seolaithe' le chéile nó an 'Seolaí' ina n-aonar) a dhírítear an Cinneadh seo:

a) Alkaloids of Australia Pty. Limited;

b) Alkaloids Corporation;

c) Boehringer Ingelheim Pharma GmbH & Co. KG, Boehringer Ingelheim GmbH agus C.H. Boehringer Sohn AG & Co. KG;

d) C-squared PHARMA S.à r.l.;

e) Linnea SA, Ipsen S.A. agus Schwabe Extracta GmbH & Co. KG; agus

f) Transo-Pharm Handels-GmbH agus Transo-Pharm Holding-AG.

(4) Tagraítear do na gnóthais a luaitear i míreanna 3(a) – 3(c) agus 3(e) le chéile mar 'tháirgeoirí SNBB' agus tagraítear do na gnóthais i míreanna 3(d) agus 3(f) mar 'dháileoirí SNBB'.

([1]) OI L 1, 4.1.2003, lch. 1.
([2]) Is é SNBB an t-acrainm a úsáidtear go minic sa tionscal. Tugtar bróimíd búitilscópolaimín, búitiolbróimíd scópalaimín agus búitiolbróimíd hióiscín ar an táirge freisin.

2. **TUAIRISC AR AN gCÁS**

2.1. **Nós imeachta**

(5) Tar éis do C2 PHARMA iarratas ar dhíolúine a dhéanamh an 15 Aibreán 2019 faoin bhFógra Trócaire ([3]), rinne an Coimisiún cigireachtaí gan réamhfhógra idir an 17 agus an 20 Meán Fómhair 2019.

(6) An 19 Meán Fómhair 2019, rinne Transo-Pharm iarratas ar dhíolúine nó, de rogha air sin, ar laghdú fíneálacha. Leanadh den iarratas ar thrócaire a rinne Linnea an 29 Deireadh Fómhair 2019.

(7) An 20 Deireadh Fómhair 2021, thionscain an Coimisiún imeachtaí faoi Airteagal 11(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ([4]) in aghaidh Sheolaithe an Chinnidh agus gnóthas breise d'fhonn dul i mbun caibidlíocht socraíochta leo faoin bhFógra Socraíochta ([5]). Rinneadh caibidlíocht socraíochta leis na Seolaithe agus gnóthas breise idir mí na Nollag 2021 agus mí na Bealtaine 2023. Chuir gach seolaí a iarraidh fhoirmiúil ar shocraíocht isteach ansin de bhun Airteagal 10a(2) de Rialachán (CE) Uimh. 773/2004 ([6]).

(8) Níor chuir an gnóthas breise a iarraidh fhoirmiúil ar shocraíocht isteach ansin de bhun Airteagal 10a(2) de Rialachán (CE) Uimh. 773/2004 ([7]).

(9) An 17 Iúil 2023, ghlac an Coimisiún ráiteas agóidí a díríodh chuig na Seolaithe. Thug na Seolaithe freagra ar an ráiteas agóidí ina dheimhnigh siad go raibh sé ag freagairt d'ábhar a n-aighneachtaí socraíochta agus go raibh siad tiomanta don nós imeachta socraíochta a leanúint.

(10) D'eisigh an Coiste Comhairleach um Chleachtais Shriantacha agus Riochtaí Ceannasacha tuairim fhabhrach an 16 Deireadh Fómhair 2023.

(11) An 16 Deireadh Fómhair 2023, d'eisigh an tOifigeach Éisteachta tuarascáil chríochnaitheach sa chás seo.

(12) Ghlac an Coimisiún an Cinneadh an 19 Deireadh Fómhair 2023.

2.2. **Achoimre ar an sárú**

(13) Is éard a bhí sa stiúradh arb é is ábhar do na himeachtaí sin teagmhálacha déthaobhacha agus iltaobhacha a raibh baint ag na Seolaithe leo maidir le praghsanna díola agus leithdháileadh cuótaí ([8]) ar an margadh trádála domhanda le haghaidh SNBB.

(14) Ba é ba chuspóir don stiúradh leibhéal íosphraghas díola SNBB le haghaidh custaiméirí (i.e. dáileoirí agus monaróirí táirgí íocshláinte cineálacha) ar fud an domhain a chomhordú agus a chomhaontú agus cuótaí a leithdháileadh i measc na Seolaithe chun an margadhphraghas domhanda a chobhsú agus chun cosc a chur air de bheith ag laghdú.

([3]) Fógra ón gCoimisiún maidir le díolúine ó fhíneálacha agus laghdú fíneálacha i gcásanna cairtéil (IO C 298, 8.12.2006, lch. 17).
([4]) Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le cur chun feidhme na rialacha iomaíochta a leagtar síos in Airteagail 81 agus 82 den Chonradh, (IO L 1, 4.1.2003, lch. 1).
([5]) Fógra ón gCoimisiún maidir le stiúradh nósanna imeachta socraíochta i bhfianaise na gCinntí arna nglacadh de bhun Airteagal 7 agus Airteagal 23 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle i gcásanna cairtéil (IO C 167, 2.7.2008, lch. 1).
([6]) Rialachán (CE) Uimh. 773/2004 ón gCoimisiún an 7 Aibreán 2004 maidir le stiúradh imeachtaí ag an gCoimisiún de bhun Airteagail 81 agus 82 de Chonradh CE, (IO L 123, 27.4.2004, lch. 18). Rialachán arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 622/2008 ón gCoimisiún (IO L 171, 1.7.2008, lch. 3) agus Rialachán (AE) 2015/1348 ón gCoimisiún (IO L 208, 5.8.2015, lch. 3).
([7]) Maidir leis an ngnóthas breise, d'fhill an Coimisiún ar an nós imeachta caighdeánach chun cinneadh féideartha a ghlacadh de bhun Airteagail 7 agus 23 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003.
([8]) Leithdháileadh na cuótaí in aghaidh tháirgeoir SNBB.

(15) Chomhordaigh na Seolaithe a bpraghsáil agus a n-iompraíocht sa mhargadh amach anseo trí theagmhálacha iltaobhacha agus déthaobhacha. Bhain na teagmhálacha leis an méid seo a leanas: (i) leibhéal íosphraghas díola SNBB a ghearrtar ar chustaiméirí (i.e. dáileoirí agus monaróirí táirgí íocshláinte cineálacha) a shocrú; (ii) na cuótaí bliantúla a leithdháileadh ar tháirgeoirí SNBB agus; (iii) malartú faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de maidir le praghsanna díola SNBB agus malartú faisnéise faoi na tosca seo a leanas a mbíonn tionchar acu ar phraghsanna díola SNBB: an mheastóireacht ar threochtaí margaidh bunaithe ar bhuaint duilleoga chrainn Duboisia a bhfuil coinne léi, staid an tsoláthair agus forbairt mhéideanna táirgeachta tháirgeoirí SNBB.

(16) An sárú a chumhdaítear leis an gCinneadh, ba shárú ar fud LEE é agus mhair sé ón 1 Samhain 2005 go dtí an 17 Meán Fómhair 2019.

2.3. **Seolaithe agus fad**

(17) Tá Seolaithe an Chinnidh faoi dhliteanas i leith an tsáraithe ar feadh na dtréimhsí seo a leanas:

Gnóthas	Dáta tosaigh	Dáta deiridh
Alkaloids of Australia	An 1 Samhain 2005	An 17 Meán Fómhair 2019
Alkaloids Corporation	An 1 Samhain 2005	An 17 Meán Fómhair 2019
Boehringer	An 1 Samhain 2005	An 31 Nollaig 2014
C2 PHARMA	An 22 Eanáir 2015	An 4 Feabhra 2016
Linnea	An 2 Deireadh Fómhair 2006	An 17 Meán Fómhair 2019
Transo-Pharm	An 21 Meitheamh 2011	An 17 Meán Fómhair 2019

2.4. **Leigheasanna**

(18) Leis an gCinneadh cuirtear Treoirlínte 2006 maidir le Fíneálacha i bhfeidhm ([9]).

2.4.1. *Bunmhéid na fíneála*

(19) Agus na fíneálacha á socrú aige, chuir an Coimisiún san áireamh meánmhéid bliantúil díola SNBB gach Seolaí a seachadadh in LEE le linn thréimhse an tsáraithe uile. Chuir an Coimisiún díolacháin inghrúpa san áireamh sa mhéid gur díolacháin faoi chuing iad na díolacháin sin in LEE ([10]).

(20) Thairis sin, i bhfianaise na samhla gnó arna saothrú ag dáileoirí SNBB, ríomh an Coimisiún a bhfíneáil bunaithe ar an éagsúlacht idir praghas ceannaigh SNBB a d'íoc dáileoirí SNBB le táirgeoirí SNBB agus praghas díola SNBB a sheachaid dáileoir SNBB faoi seach do thríú custaiméirí neamhspleácha in LEE.

(21) Ina theannta sin, chuir an Coimisiún an fíoras san áireamh go bhfuil cairtéil, de bharr a gcineáil féin, i measc na srianta is díobhálaí ar an iomaíocht, fad an tsáraithe, a chineál ilghnéitheach, an fíoras gur chumhdaigh an sárú limistéar LEE agus méid breise chun gnóthais a dhíspreagadh ó chleachtais den sórt sin a dhéanamh.

2.4.2. *Coigeartuithe ar an mbunmhéid*

(22) Níor chuir an Coimisiún aon imthoisc ghéaraitheach nó mhaolaitheach i bhfeidhm.

([9]) Treoirlínte maidir leis an modh chun fíneálacha a shocrú ar fíneálacha iad a fhorchuirtear de bhun Airteagal 23(2)(a) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 (IO C 210, 1.9.2006, lch. 2).

([10]) Is éard atá i ndíolacháin faoi chuing chun críocha ríomh na fíneála díolacháin inghrúpa SNBB i gcás ina n-úsáideann an t-eintiteas éadála laistigh den ghnóthas céanna SNBB mar ionchur i dtáirgeadh táirge eile, amhail Buscopan, a dhíoltar ansin in LEE.

2.4.3. *An teorainn láimhdeachais 10 % a chur i bhfeidhm*

(23) I gcás Alkaloids of Australia, sháraigh an fhíneáil a forchuireadh (roimh chur i bhfeidhm na laghduithe trócaire agus socraíochta) 10 % den láimhdeachas domhanda iomlán sa bhliain ghnó roimh dháta an Chinnidh agus laghdaíodh í dá réir sin.

2.4.4. *Fógra Trócaire 2006 a chur i bhfeidhm*

(24) Dheonaigh an Coimisiún díolúine iomlán ó fhíneálacha do C2 PHARMA. Dheonaigh an Coimisiún laghdú fíneála 50 % do Transo-Pharm agus laghdú 30 % do Linnea.

2.4.5. *An Fógra Socraíochta a chur i bhfeidhm*

(25) Mar thoradh ar chur i bhfeidhm an Fhógra Socraíochta, rinneadh laghdú breise 10 % ar mhéid na bhfíneálacha le haghaidh na Seolaithe uile.

3. **CONCLÚID**

(26) Gearradh na fíneálacha a leanas de bhun Airteagal 23(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003:

(a) Alkaloids of Australia Pty. Limited: EUR 559 000

(b) Alkaloids Corporation: EUR 537 000

(c) Boehringer Ingelheim Pharma GmbH & Co. KG, Boehringer Ingelheim GmbH agus C.H. Boehringer Sohn AG & Co. KG, faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach: EUR 10 401 000

(d) C-squared PHARMA S.à r.l.: EUR 0

(e) Linnea SA, Schwabe Extracta GmbH & Co. KG agus Ipsen S.A., faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach: EUR 1 791 000

(f) Transo-Pharm Handels-GmbH agus Transo-Pharm Holding-AG, faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach: EUR 98 000.